Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Aibreán 2022
(OR. en)

7532/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0062 (NLE)

MAR 67
OMI 45
TELECOM 119

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn an 105ú seisiún dá chuid agus i gCoiste Éascaíochta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn an 46ú seisiún dá chuid, a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar na rúin maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le trealamh a úsáidtear sa Chóras Domhanda Guaise agus Sábháilteachta Muirí agus le leasuithe a ghlacadh ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hÉascú Muirthrácht Idirnáisiúnta (FAL) |

**CINNEADH (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an…**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn an 105ú seisiún dá chuid agus i gCoiste Éascaíochta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn an 46ú seisiún dá chuid, a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar na rúin maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le trealamh a úsáidtear sa Chóras Domhanda Guaise agus Sábháilteachta Muirí agus le leasuithe a ghlacadh ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hÉascú Muirthrácht Idirnáisiúnta (FAL)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag gníomhaíocht an Aontais san earnáil mhuiriompair an tsábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus an comhshaol muirí agus sláinte an duine a chosaint.

(2) Táthar ag súil go ndéanfaidh Coiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta ('IMO') leasuithe ar na rúin maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le trealamh a úsáidtear a ghlacadh, le linn an 105ú seisiún dá chuid ('MSC 105') ón 20 go dtí an 29 Aibreán 2022, chun nuachóiriú an Chórais Dhomhanda Guaise agus Sábháilteacht Mhuirí (GMDSS) a léiriú. Cuimsítear leis na rúin sin A.699(17), A.700(17), MSC 148(77), A.530(13), A.802(19), A.803(19), A.804(19), A.806(19), A.807(19), MSC.149(77), MSC 80(70) agus A.811(19).

(3) Táthar ag súil go nglacfaidh Coiste Éascaíochta IMO leasuithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hÉascú Muirthrácht Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún FAL') ag an 46ú seisiún dá chuid ('FAL 46') ón 9 go dtí an 13 Bealtaine 2022.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn MSC 105 a bhunú toisc go bhféadfadh rúin an Choiste Mhuir-Shábháilteachta maidir le chaighdeáin feidhmíochta tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, eadhon i dTreoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

[1] Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Treoir 96/98/CE ón gComhairle (IO L 257, 28.8.2014, lch. 146).

(5) Le glacadh leasuithe ar rúin MSC maidir le caighdeáin feidhmíochta, d'fheabhsófaí na caighdeáin feidhmíochta i ndáil le trealamh a glacadh roimhe seo chun nuachóiriú GMDSS a léiriú. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú le leasuithe ar rúin MSC a ghlacadh.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 46ú seisiún den Choiste Éascaíochta a bhunú, toisc go bhféadfadh na leasuithe atá beartaithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, eadhon Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus, ón 15 Lúnasa 2025, Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

(7) Leis na leasuithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL, thabharfaí an Iarscríbhinn sin níos gaire do cheanglais Rialachán (AE) 2019/1239 agus do na rialacha comhaontaithe gnó maidir leis an Rialachán sin a chur chun feidhme, eadhon tríd an tarchur leictreonach trí ionad ilfhreastail a dhéanamh éigeantach, athrá eilimintí sonraí a chosc, cosc a chur ar úsáid foirmeacha páipéir le haghaidh tarchur sonraí, agus an ceanglas maidir le síniú de láimh a tharscaoileadh.

---

[1] Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe le haghaidh long atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht ó chalafoirt na mBallstát agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/6/CE (IO L 283, 29.10.2010, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) 2019/1239 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear timpeallacht Eorpach Ionaid Ilfhreastail Mhuirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/65/AE (IO L 198, 25.7.2019, lch. 64).

(8) Ní ball de IMO é an tAontas, ná ní páirtí conarthach sna coinbhinsiúin agus sna cóid ábhartha é. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle na Ballstáit a údarú seasamh an Aontais a chur in iúl.

(9) Ba cheart raon feidhme an Chinnidh seo a theorannú don mhéid atá sna leasuithe beartaithe, a mhéid a d'fhéadfadh na leasuithe sin difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais agus a mhéid a thagann siad faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Níor cheart don Chinneadh seo difear a dhéanamh do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn an 105ú seisiún dá chuid, tacú le glacadh na leasuithe ar na rúin seo a leanas maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le trealamh a úsáidtear sa Chóras Domhanda Guaise agus Sábháilteachta Muirí: A.699(17), A.700(17), MSC 148(77), A.530(13), A.802(19), A.803(19), A.804(19), A.806(19), A.807(19), MSC.149(77), MSC 80(70) agus A.811(19).

*Airteagal 2*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn an 46ú seisiún dá chuid, tacú le glacadh na leasuithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hÉascú Muirthrácht Idirnáisiúnta.

*Airteagal 3*

1. Maidir leis na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais atá sonraithe sa Chinneadh seo, cuimsítear na leasuithe lena mbaineann a mhéid a thagann na leasuithe sin faoi inniúlacht eisiach an Aontais agus a mhéid a d’fhéadfaidís difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais. Cuirfidh na Ballstáit, ar baill iad uile de IMO, na seasaimh sin in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

2. Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe ar na seasaimh dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 4*

Údaraítear leis seo do na Ballstáit a dtoiliú a thabhairt le bheith faoi cheangal, chun leas an Aontais, ag na leasuithe dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2, a mhéid a thagann na leasuithe sin faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/i/sa…,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*